

Rogha na dtuath Teallach n-Eachach

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 10]

Giolla Na Naomh Ó hUiginn .cc.

1 Rogha na dtuath Teallach n-Eachach
oírrdheirc a theisd go Teach n-Duinn;
is é an deaghfhoonn sona síthe
rogha fearann gcríche Cuinn.

2 Innte a-tá an tiobra as dtig Sionann
sruth as uaisle i n-Inis Fháil;
dá donnphurt finnshreabh na bhféarchrann
inbhear longphort dtréanchlann dTáil.

3 Teallach n-Eachach is é a chomharc
Ceann Cruaiche, cairthe na n-éacht,
cloch gar iarr gach duine deaghuair
ar fiadh Muighe sreabhuair Sléacht.

4 Síoth Éadaoine is innte tarla
Tulach Cosgair na gcon ngarg,
fál noichtchleath bhfaoichreann bha fianbhruach
gaoithBheann Choi�each fhiadhlúath ard.

5 Don chath gar thoit Conall Cearnach
cosgar Oilealla an uair rug
a ghoin fa baoithréim don bheithir;
ag soin aoinchéim teichidh tug.

6 N-a urdail féin d'fhearrann Éireann
is é magh magh as mhó nós
is é gleann sona as fhearr ógbha,
rogha gleann na Fódla fós.

7 Airgidh gach oireacht fa thimcheall
Teallach n-Eachach fhuilngeas doirr;
tre Mhagh bhFáil teagar dá thogha
leagar dháibh rogha agus roinn.

8 Is fiu rígh nó rogha thaoisigh
gach taoiseach aca - is í ar mbreach;
rún a chridhe an fhéile d'fhoghlaím
fine as réidhe ag comhrainn chreach.

9 Fiú taoiseach i ngach thuaith eile
gach ógláach oiltear n-a tír;
[gin gurbh] eadh fós is fear saidhbhir

ar nós gach fear daidhbhir dhíbh.

10 Brian Breaghach fa breaghda longphort
budh lór d'aoinfhear dh'inghin Duilbh;
ní fhuair tóir dá dtargaidh comha
ag argain shlóigh bhrøgha Buidhbh.

11 Do bhí sáith gach airdríogh d'oighre
aige do mhac - móide a ghnaoi;
mac is buaidh ngliadh ar a ghormgháibh
fuair Brian do chongbháil a chraoi.

12 Tomás mhac Briain na mbreach ndíreach
dreagan Gabhraidh gan ghrádh séad
[ní shaoileadh] gan arm dá oighidh
dá maoidheadh badhbh Oiligh dh'éag.

13 Teist a biodhbhadh ar bhaidhbh gCruachan
- creidim féin guru fíor dháibh -
gé fhuair bás ón éag n-a éanar
nír fhás céad re ngéabhadh ghráin.

14 Nír chruthaigh Críosd do chloinn Ádhaimh
éanduine ar nar innill sás.
ní hé cleath Annla n-a aonur
neach tarla i mbaoghul gan bhás.

15 An foghlaidh ro ghon ghéig bhFánad
fir Bhréifne is beag nachar mharbh;
dursan nar thoit it éag dh'aonghuin
do loit céad d'fhaobhraibh gan arm.

16 An t-eineach, a oide múinte,
do mharbh cumha chraoibhe Gréag;
biaidh go bráth ar ndula an deighfhír
ar chách cumha an einigh d'éag.

17 Tugadh cuireadh go cath mBréifne
dá bhreith suas tar sluagh na bpian
breith í Eirce is-teach ó tugadh,
breath as cheirte rugadh riamh.

18 Dul lé is gan anadh n-a héagmhais,
a aos dána, a-deirim ribh,
an eígse i gcomhair a caithmhe
conair téidse a haithle an fhir.

19 Nós saoghalta, sásadh neamhdha,
do-ní an t-eineach d'onchoin Liag;

duasa rann Tómás ar talmhain
sólás thall dá anmain iad.

20 D'fhíon chorcra, do cheolaibh binne,
tre bhaidhbh dTeamhrach tugadh fuath;
mó gráin im gháire ná im gholá
gá mhnáibh táidhe ar ndola í Dhuach.

21 Rob ó Duach Galaigh géag Raigheann
rob ó Ruairc nach roichim d'fhiúis;
cuibhreann dom ré rug ó DuachRuairc
mar thug mé luathchuairt fa lios.

22 Ós chionn gach bhaile sa Bhréifne
do bhaidhbh Chliach budh chumtha leacht
nír fhuráil leam an tann torchair
ceall fa gach mball d'onchoin Fheart.

23 An onóirse ar n-éag na flatha
fada bhias gan a buain dé;
a-tá an lá do-chuaidh ó Craoidhe
uaim mar lá saoire go sé.

24 Mairidh fós fuigheall dá bheodhacht
ag baidhbh Dhean do dhiongbhadh chéad;
ní lamh daol re gráin a ghaisgidh
taobh í Tháil d'aicsin ar n-éag.

25 Do-niad altóir d'áit gach leabtha
ar loigh ó Cais na gcolg mbreacht;
fa gach teampall an tann teagar
teanchar ann leagar dá leacht.

26 I ngach crích dar thaisdil Tomás
talamh naomh do-ní don chriaidh,
acht sleachta bróg gríbhe Gabhra
gan fhód fíre i mBanbha Bhriain.

27 Más fhíor nochon aghann peacthach
pian mhór a-muigh agus tall;
dul a clí ar ndula d'ó Dháire
is í cumha as áille ann.

28 Cíos agus cáin cheinéal mBréanainn
do bhíodh chuige gach re gcuairt;
leomhan Breagh do thruaill na tíre
suaill nar bhean ríghe d'íbh Ruairc.

29 Fear ríoghtha is aithríoghtha airdríogh

ua Samhradháin slios mar thuinn
- mór créactha feirge na flatha -
meirge séanta catha Cuinn.

30 Cé dearaid cách éag re hadhart
d'onchoin Raighleann rug gach buaidh,
ní fhuair sinn cás mar ó gCréidhe,
bás do rinn na féile fuair.

31 Ollamhain agus aos dána
fa dhreagan gCruachna an chnis ghil
do bhí ag triall a curp d'ú Chathail
lucht gliadh nó tachair n-a thigh;
mar tá géag Eine n-a aonur
créad eile an saoghul acht sin ?

32 Téid mar do-chuaidh is na craobhaibh
cumha í Bhloid i mbarraibh dias,
go lá an bhráith gan tubha im Thómás
cumha cháich ar brónfhás bhias.

33 Mág Shamhradháin mhac Briain Bhreaghaigh
an Bhréifne ó bhás bun ós chionn;
ní fhuair sgol ag teachta thríthe
acht leabha brogh bhfíthe bhfionn.

34 Budh oilithrigh ar éis Thomáis
a theaghlaigh ag triall don Róimh;
dá dhíoth rugadh crodh gach croise
tugadh cor coise don chóir.

35 Faolchoin ar faithcheadhaibh teampal,
tuile feoir ag falach ród,
ar aighthibh [sealbh] do ás ainneamh,
feadhbh ó bhás gach ainnear óg. Rogha.

36 Rogha na n-Aodh Aodh Ó Domhnaill
ag díoth chniocht fa cródha a lámh;
ó ghleo arm ní dheachaíd Danar,
nír sheachain badhbh Aghar ágh .R.

37 Aonghus mhac Aonghuis Ua Domhnaill
do dhligfinn éag ar n-éag dó;
mo lá brátha a bheith fan aonúir
go gcleith Rátha craobhúir Chró. Rogha.

38 Tomultach na dtachar meinic
Mac Diarmuda dorrdha an mac;
do fháisg as a bhun fras fola

a bhas ag cur fhogha i n-at. Rogha

39 Rogha ar litreach leathainm Muire
máthair Chríosd fan chuing as mhó;
leath a hanma ó ghairm na glóire
tarla dh'ainm na hóighe ar ó. Rogha

40 Ní bean rug ragha na dtoircheas,
ní toircheas fir flaith na ród;
ar ghein uaibhse ar chum [gach] cláirneamh
uaisle ó bhunn bháingheal a bhróg.